



Sainchomhairleoirí in An Bord Pleanála

Na Cáilíochtaí is gá

Ba mhaith linn iarratais a fháil ó chomhaltaí de na gairmeacha sa tábla thíos. Beidh fianaise ar bhallaíocht fhoirmiúil agus clárú (nuair is cuí) den chomhlacht gairmiúil ábhartha ag teastáil.

Gairm
Éiceolaithe lena n-áirítear Éaneolaithe
Hidreolaithe
Hidrigeolaithe
Innealtóirí Geothicniúla
Innealtóirí Iompair
Speisialtóirí Aeir
Speisialtóirí Torainn & Creathadh lena n-áirítear Torann Eitlíochta
Saineolaithe Seveso/COMAH
Eolaithe Comhshaoil

An Taithí is Gá

Eolas sásúil, cúlra agus taithí ábhartha le déanaí i réimsí saineolais a bhaineann leis na gairmeacha a liostaítear thuas.

Nádúr na hOibre

Beidh ar na sainchomhairleoirí a cheapfar tuarascálacha a sholáthar lena n-áirítear sonraí measúnaithe agus moltaí ar achomhairc agus iarratais a fhaigheann an Bord. Beidh ar na sainchomhairleoirí a cheapfar a bheith in ann tuarascálacha den sórt sin a sholáthar go tráthúil agus laistigh de scálaí ama dochta.

Rátaí Íocaíochta

Is é €675 an táille in aghaidh an lae agus ní mór údarú a fháil don mheastachán ama roimh ré.

Méid na hOibre

Ní bheidh na sainchomhairleoirí páirtaimseartha a cheapfar á bhfostú mar fhostaithe agus ní bheidh aon chosaint reachtúil atá ar fáil d'fhostaithe ná cearta aoisliúntais ag gabháil leis na ceapacháin. Is ar bhonn conartha le haghaidh seirbhísí amháin a thairgtear an fostaíocht pháirtaimseartha agus ní bhaineann aon choinníollacha fostaíochta leis. Ní thabharfar aon ghealltanais maidir le líon iarbhí na gcásanna a shannfar. Mura bhfuil an obair sásúil ní shannfar comhaid bhreise.

Coinbhleacht Leasa

Ní féidir a dhéanamh ar son an Bhoird a bhféadfadh leas airgid nó leas tairbhíúil eile a bheith mar thoradh uirthi (seachas íocaíocht ón mBord). Ní féidir tabhairt faoi aon obair a d'fhéadfadh teacht salach ar an obair cháis ar leith atá á déanamh don Bhoird.

Cód Iompraíochta

Baineann an Cód Iompair do Chomhaltaí Boird, Fostaithe agus Daoine Áirithe Eile le sainchomhairleoirí. Féach ailt 13, 14 agus 15 den Chód atá ar fáil ar an suíomh Gréasáin seo [ag an nasc seo](#).

Iarratais

Ba chóir iarratais le CV a sheoladh chuig Gavin Duffy, Uasal, Acmhainní Daonna i ríomhphost chuig recruitment@pleanala.ie faoi 5.30 p.m. ar an 14 Aibreán, 2022.

Is féidir go gcuirfear iarratasóirí ar ghearrliosta bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil. Beidh agallaimh ar siúl in Aibreán/Bealtaine 2022.